Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 16 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7956/18**

**MAMA 59**
**CFSP/PESC 341**
**RELEX 318**
**SY 4**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Aibreán 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7941/18 MAMA 58 CFSP/PESC 339 RELEX 316 SY 3 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria<br>– Conclúidí ón gComhairle (16 Aibreán 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria, a ghlac an Chomhairle ag an 3613ú cruinniú dá cuid, ar an 16 Aibreán 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN tSIRIA

1. Seo í an t-ochtú bliain as a chéile ina bhfeictear foréigean leantach, forleathan sa tSiria, agus sáruithe seasta brúidiúla ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear sáruithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil, á ndéanamh ag na páirtithe uile agus, ina theannta sin, airm cheimiceacha á n-úsáid arís agus arís eile ag réimeas na Siria agus ag Da'esh. Is ar réimeas na Siria a luíonn freagracht thar na bearta as staid thubaisteach dhaonnúil mhuintir na Siria agus as an méid a d'fhulaing siad freisin. Cáinimid go tréan an úsáid atá á baint arís agus arís eile ag réimeas na Siria as airm cheimiceacha, lena n-áirítear an t-ionsaí is deireanaí a tharla, in Douma, ar náire shaolta do dhínit an duine é, agus sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta. Ós mar sin atá, tuigeann an Chomhairle gur bearta sonracha a bhí san aerthuairgneáil a rinne SAM, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe ar shaoráidí arm ceimiceach sa tSiria agus nach raibh de chuspóir leo ach cosc a chur le réimeas na Siria úsáid a bhaint as airm agus substaintí ceimiceacha feasta i gcoinne a mhuintir féin chun iad a mharú. Tacaíonn an Chomhairle le gach iarracht darb aidhm cosc a chur le húsáid arm ceimiceach. Sin é an seasamh a chuir an tAontas in iúl ag an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW).

2. Sa chomhthéacs sin, ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle a glacadh roimhe seo agus conclúidí an 4 Aibreán 2017 ach go háirithe, aontaíonn an Chomhairle go bhfuil cuspóirí "Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an tSiria" fós bailí.

3. Cuirimid i bhfáth gur ceart leas a bhaint as a bhfuil ag tarlú i láthair seo na huaire chun spreacadh a chur an athuair sa phróiseas faoina bhfuiltear ag iarraidh teacht ar réiteach polaitiúil ar an gcoinbhleacht sa tSiria. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach nach féidir réiteach míleata a fháil ar an gcoinbhleacht sa tSiria. Ina ainneoin sin, tá dlús curtha ar a chuid oibríochtaí míleata, ón mbliain seo caite i leith, ag réimeas na Siria, agus tacaíocht aige óna chomhghuaillithe, an Rúis agus an Iaráin, gan aird ar líon na dtaismeach sibhialtach. Cáineann an tAontas go géar gach ionsaí, a dhéantar d'aon ghnó nó go neamh-idirdhealaitheach, ar na pobail shibhialtacha agus ar bhonneagar sibhialtach, ar ospidéil agus ar scoileanna. Is sárú glan é ar phrionsabail dhaonnúla idirnáisiúnta an diúltú atá á dhéanamh agus an bac leanúnach atá á chur, d'aon ghnó, ar an rochtain dhaonnúil orthu siúd atá i ngátar agus ní mór stop a chur leis. Is mór is olc leis an Aontas an t-ionsaí a rinne an réimeas, a bhfuil tacaíocht na Rúise aige, ionsaí ba chúis le léirscrios in Oirthear Ghouta agus iarrann sí go gcuirfí deireadh láithreach leis an aerthuairgneáil, go háirithe in Idlib agus i ndeisceart na Siria. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht, an réimeas féin agus a chomhghuaillithe ach go háirithe, an sos comhraic a chur chun feidhme chun an rochtain dhaonnúil agus aslonnú na dtaismeach a áirithiú, mar a comhaontaíodh i Rún 2401 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe d'aon toil. Agus an scéal mar atá faoi láthair, is faide uainn anois aon tsúil le réiteach polaitiúil. Ina theannta sin, is ábhar mór imní an cor eile a tháinig sa scéal de dheasca oibríocht mhíleata na Tuirce, in iarthuaisceart na Siria, inár easáitíodh lear mór de mhuintir na háite sin. Maidir leis an méid seo, is olc leis an Aontas na sáruithe leanúnacha ar na limistéir dhíghéaraithe, mar a thugtar orthu, agus tathantaíonn sí ar an Rúis, ar an Iaráin agus ar an Tuirc, ar ráthóirí Astana iad, a áirithiú go gcuirfí deireadh leis an gcogaíocht láithreach agus go mbeadh rochtain dhaonnúil shábháilte inbhuanaithe gan bhac ar fud na Siria, agus comhlíonadh a dhéanamh ar a gcuid gealltanas chun sos cogaidh náisiúnta a bhaint amach sa tSiria agus deireadh a chur le léigir. Is mór is mian leis an Aontas a chur in iúl gur ábhar imní dó na tuairiscí ar ionramháil shóisialta agus dhéimeagrafach i gceantair ar fud na Siria.

4. Bhí an staid dhaonnúil sa tSiria go holc cheana féin agus is measa fós anois í mar thoradh ar an ngéarú míleata a thosaigh i dtús na bliana. Is fíor sin go háirithe maidir le hOirthear Ghouta agus le Idlib, dhá áit ina ndeachaigh an scéal go mór in olcas. Tá cúnamh de dhíth ar 13.1 milliún duine agus imní mhór ann nach féidir iad a chosaint – tá 6.1 milliún easáitithe ina dtír féin agus beagnach 3 mhilliún eile sáinnithe i limistéir atá faoi léigear nó i limistéir ar deacair dul chomh fada leo. Is oibleagáid dhlíthiúil agus dualgas morálta é sibhialtaigh a chosaint, agus is ábhar práinne é lena chois sin. Is cúis mhór imní é freisin an t-éilliú a dhéanann feistí pléascacha. Tá an tAontas meáite i gcónaí ar bheatha daoine a shábháil agus ar an bhfulaingt a mhaolú trí riar ar riachtanais na ndaoine is leochailí ar fud na tíre. Is tosaíochtaí práinneacha iad an pobal sibhialtach a chosaint, arb é príomhfhreagracht réimeas na Siria é sin a dhéanamh, agus a áirithiú go seachadtar cabhair go pras agus i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla. Sa chomhthéacs sin, cáineann an tAontas go láidir na páirtithe sa choinbhleacht as rochtain dhaonnúil ar dhaoine atá i ngátar a bhacadh agus a dhiúltú, lena n-áirítear aslonnú míochaine a bhacadh agus diúltú, agus cáineann sé réimeas na Siria as seilbh a ghlacadh go leanúnach ar earraí leighis i gconbhuanna daonnúla. Ní mór deireadh a chur leis sin. Éilíonn an tAontas go dtabharfadh na páirtithe uile sa choinbhleacht, agus réimeas na Siria go háirithe, rochtain shábháilte leanúnach mharthanach, gan chosc gan cheangal, ar na daoine sin atá i ngátar, pé áit ina bhfuil siad ar fud na tíre, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh Rún 2393 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i mí na Nollag 2017, rún a d'fhéadfadh na milliúin Siriach atá i ngátar a thabhairt slán tríd an gcúnamh trasteorann a cheadú, agus déanfaidh an tAontas a sheacht ndícheall cabhair dhaonnúil a chur ar fáil do na pobail uile atá i ngátar ar fud na Siria trí na bealaí is dírí is féidir. Cáineann an tAontas an t-ocras a bheith á úsáid i gcoinne sibhialtach mar mhodh cogaíochta trí cheantair a bhfuil daonra mór iontu a chur faoi léigear, mar aon le heasáitiú éigeantach pobal. Dhá rud iad seo a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh nó ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna. Leanfaidh an tAontas de dhian-taidhleoireacht dhaonnúil a shaothrú, lena n-áirítear ag Comhdháil na Bruiséile II, d'fhonn breathnú ar na roghanna uile le feabhas a chur ar rochtain agus ar chosaint agus chun prionsabail dhaonnúla a chur chun cinn maidir le cabhair a sholáthar. Cuireann an Chomhairle in iúl freisin gur ábhar mór imní é an staid dhaonnúil in iarthuaisceart na Siria, atá ag dul in olcas, go háirithe i réigiún Afrin tar éis oibríocht mhíleata na Tuirce, agus cuireann sí i dtreis an phráinn atá le rochtain shábháilte dhaonnúil gan bhac a chur ar fáil láithreach d'eagraíochtaí daonnúla. Is den phráinn, sa réigiún seo agus ar fud na tíre, go gcruthófaí na dálaí sin faoinar féidir le daoine a easáitíodh, agus le dídeanaithe, filleadh go deonach ar a dtír féin le dínit.

5. Athdhearbhaíonn an tAontas nach mbeidh réiteach inbhuanaithe ar an gcoinbhleacht gan fíoraistriú polaitiúil i gcomhréir le rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Communiqué na Ginéive 2012, a chaibidil páirtithe na Siria laistigh de phróiseas na Ginéive faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, agus go bhfuil sé tiomanta i gcónaí d'aontacht, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach stát na Siria. Sa chomhthéacs sin, molann an tAontas Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe don tSiria, Staffan de Mistura, as na hiarrachtaí seasta atá á ndéanamh aige chun cur chun feidhme na rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a éascú. Ba cheart an coiste um an mbunreacht, ar coiste é atá faoi choimirce na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv, a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille agus ba cheart tuilleadh a dhéanamh go pras chun próiseas caibidlithe aistrithe polaitiúil a chumasú. Is mór is olc leis an Aontas straitéis bhacainne réimeas na Siria sna cainteanna atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe agus iarrann sé ar chomhghuaillithe an réimis a áirithiú go nglacfaidh réimeas na Siria páirt iomlán sa phróiseas sin a shainordaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ní dhéanfaidh an tAontas dhá leath dá dhícheall ar son réiteach síochánta a fháil ar an gcoinbhleacht sa tSiria. Buansíocháin sa tSiria - sin é is cás ar deireadh leis an Aontas Eorpach.

6. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'fhreasúra polaitiúil na Siria ina rannpháirtíocht chuiditheach sa phróiseas polaitiúil sa Ghinéiv agus ina chuid oibre leis an tsochaí shibhialta. Tacaíonn an tAontas le rannpháirtíocht iomlán, éifeachtach na mban sa phróiseas polaitiúil agus is díol sásaimh dó an obair atá ar bun ag an bhfreasúra chun an sprioc sin a bhaint amach. Molann an tAontas an obair atá ar bun ag Coimisiún Caibidlíochta na Siria, toscaireacht aontaithe uilechuimsitheach an fhreasúra sa chaibidlíocht atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, agus molann sé é as a bheith tiomanta do réiteach caibidlithe ar an gcoinbhleacht.

7. Tá cinniúint na Siria ag brath ar an tsíocháin, ar an daonlathas, ar an tsaoránacht chomhionann agus ar an smacht reachta. Déanfaidh an tAontas obair lena haghaidh sin go dúthrachtach leanúnach, ar son mhuintir na Siria. Leanfaidh sé de bheith ag obair le muintir na sochaí sibhialta sa tSiria, ar geallsealbhóirí ríthábhachtacha iad i bpróiseas cuimsitheach, chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa tír sin.

8. Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí na Comhghuaillíochta Domhanda Da'esh a chomhrac agus athdhearbhaíonn sé nach gcuirfear deireadh leis an antoisceachas foréigneach agus leis an sceimhlitheoireacht sa tSiria agus sa mhór-réigiún ach amháin trí fhíor-réiteach polaitiúil i gcomhréir le Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Communiqué na Ginéive 2012, ar réiteach é lena dtabharfaí aghaidh ar an méid is bunchúis leis an antoisceachas agus leis an sceimhlitheoireacht sin. Cuireann an tAontas i bhfáth nach mór do na gníomhaithe uile sa tSiria díriú ar an gcomhrac i gcoinne Da'esh, comhrac nach bhfuil deireadh leis fós. Is príomhthosaíocht fós cosc a chur ar athbheochan na heagraíochta sceimhlitheoireachta sin. Chun cuidiú le treascairt bhuan Da'esh, beidh an tAontas rannpháirteach in iarrachtaí cobhsaíochta sna limistéir a shaor an Chomhghuaillíocht Dhomhanda ó Da'esh in oirthuaisceart na Siria. Tá sé tábhachtach go mbeidh rialachas áitiúil ann atá cuimsitheach, neamhspleách agus ionadaíoch ionas gur féidir bearta breise cobhsaíochta de chuid na hEorpa a chur i gcrích, a bheidh uileghabhálach, inbhuanaithe agus cuimsitheach.

9. Iarrann an tAontas ar gach páirtí go scaoilfí saor, i gcomhréir le Rún 2268 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, daoine a bhfuil a gcoinneáil i gcoinne an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus príosúnaigh pholaitiúla, a bhfuil a mbunús sin á choinneáil i bpríosúin de chuid réimeas na Siria, agus iad sin atá in ionaid choinneála an réimis sin, freisin. Iarrann sé go dtabharfaí faisnéis maidir le cásanna ina bhfuil daoine ar iarraidh de thoradh fuadach forfheidhmithe. Ba cheart rochtain a thabhairt do mhonatóirí neamhspleácha ar gach saoráid choinneála sa tSiria. Tacaíonn an tAontas go iomlán le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe rúnaíocht a bhunú chun réiteach a fháil ar an tsaincheist sin mar chuid de phróiseas na Ginéive.

10. Is den riachtanas iad an chuntasacht agus ceartas idirthréimhseach a bheadh bunaithe ar phróis chuí agus lena n-éascófaí athmhuintearas fírinneach náisiúnta má táthar chun síocháin bhuan a bhaint amach sa tSiria. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá an chuntasacht agus leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí atá á ndéanamh ar mhaithe le cuntasacht a bhaint amach agus oibreoidh sé gan staonadh chun cuntasacht a bhunú i leith na n-ainghníomhartha a rinneadh i gcoinbhleacht na Siria. Iad siúd uile atá freagrach as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta, go háirithe ar an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus ar an dlí um chearta an duine, cuid acu a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh nó ina gcoireanna i gcoinne an chine dhaonna, caithfear iad a thabhairt chun cuntasachta, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann coireanna i gcoinne grúpaí reiligiúnacha, grúpaí eitneacha agus i gcoinne grúpaí eile agus mionlach. Tá sé do-ghlactha go mbeadh daoine ag dul saor ó phionós i gcás coireanna mar sin agus leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le doiciméadú na sáruithe ar chearta an duine agus den obair chun fianaise a bhailiú ar mhaithe le caingean dlí amach anseo. I ndáil leis sin, tacaíonn an tAontas leis an ról tábhachtach atá ag an gCoimisiún Fiosrúcháin agus ag an Sásra Idirnáisiúnta Neamhchlaonta agus Neamhspleách, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcuirfí leis an gcomhar agus go gcuirfí acmhainní leordhóthanacha airgeadais ar fáil dóibh le go bhféadfaidh siad leanúint dá gcuid oibre ríthábhachtaí chun an chuntasacht a áirithiú sa tSiria. Iarrann an tAontas an athuair go gcuirfí an staid sa tSiria faoi bhráid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. In éagmais bealaí le haghaidh ceartas idirnáisiúnta, tá ionchúiseamh coireanna cogaidh faoi dhlínse náisiúnta, nuair is féidir sin, ina rannchuidiú tábhachtach chun an ceartas a dhaingniú. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit meáite go hiomlán ar an tsaoirse ó phionós a chosc agus féachfaidh siad an bhféadfaí gníomhnú ar bhealach chomhbheartaithe ar mhaithe le ceartas a bhaint amach i ndáil leis an sárú ar an dlí idirnáisiúnta i gcoinbhleacht na Siria. Breathnóidh an tAontas ar bhearta sriantacha breise i gcoinne na Siria fad a leantar leis an gcos ar bolg.

11. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcáineann sé go géar an úsáid atá á baint arís agus arís eile as airm cheimiceacha ag réimeas na Siria agus ag Da'esh, úsáid atá dearbhaithe ag an sásra imscrúdaitheach comhpháirteach de chuid Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) agus atá tuairiscithe ag an gCoimisiún Fiosrúcháin. Tá imní ar an Aontas freisin go bhfuiltear ag cloisteáil i gcónaí faoi airm cheimiceacha a bheith á n-úsáid ag an réimeas in Ghouta Thoir agus i limistéir eile sa tSiria le míonna anuas, lena n-áirítear na tuairiscí is déanaí faoi ionsaí ceimiceach millteach ar Douma. Is cúis mórimní ag an Aontas iad na sáruithe sa tSiria ar an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha agus ar an toirmeasc uilíoch ar úsáid arm ceimiceach. Tacaíonn an tAontas go hiomlán leis an obair atá ar bun ag Misean Aimsithe Fíoras OPCW chun leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar na tuairiscí faoi úsáid arm ceimiceach agus atá ar bun ag an bhFoireann um Measúnú ar Dhearbhuithe chun leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar na bearnaí agus ar na neamhréireachtaí atá sna dearbhuithe ón tSiria go dtí go mbeidh sí sásta go bhfuil clár arm ceimiceach na Siria díchóimeáilte go buan. I mí Iúil 2017 agus i mí Márta 2018, d'fhorchuir an tAontas bearta breise sriantacha ar oifigigh agus eolaithe ardleibhéil sa tSiria mar thoradh ar a ról i bhforbairt agus úsáid arm ceimiceach agus tá sé faoi réir bearta breise a fhorchur anois. I dtaca leis sin, áitíonn an tAontas ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sásra neamhspleách sannta milleáin a athbhunú go gasta chun cuntasacht a áirithiú dóibh siúd a dhéanann ionsaithe ceimiceacha. I dtaca leis sin, is oth leis an Aontas gur chros an Rúis athnuachan shainordú an tsásra imscrúdaithigh comhpháirtigh i mí Samhain 2017. Iarrann an tAontas ar na tíortha uile leas a bhaint as an gcumhacht atá acu chun cosc a chur le hairm cheimiceacha a bheith á n-úsáid a thuilleadh agus tacaíonn sé leis an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta i gcoinne na Saoirse ó Phionós i gcás Úsáid na nArm Ceimiceach.

12. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le teacht aniar mhuintir na Siria, i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir leis an tSiria. San obair a dtabharfar fúithi, tabharfar aghaidh ar na riachtanais a bhaineann le rochtain shlán agus chothrom ar dhoiciméadacht shibhialta, ar thithíocht agus ar chearta maoine chun a áirithiú go gcaomhnófar cearta mhuintir na Siria agus go gcuirtear na dálaí bunúsacha ar fáil do na daoine sin atá easáitithe chun go bhféadfaidh siad filleadh ar a dtithe ar shlí shollúnta, shábháilte, dheonach nuair is féidir leo. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a chur ar fáil maidir le teacht aniar, trí oideachas a sholáthar, trí phoist a chruthú, trí thacaíocht a thabhairt do struchtúir rialachais shibhialta áitiúla i gceantair atá i seilbh an fhreasúra, lena n-áirítear trína bheith ag obair le Rialtas Eatramhach na Siria, agus trí oibriú chun nach dtitfidh an riarachán stáit as a chéile. Féachfaidh an tAontas le níos mó cúnaimh a chur ar fáil, agus cúnamh trasteorann á nascadh le tacaíocht ó laistigh den tSiria, agus díreoidh sé ar chabhair a chur ar fáil mar chuid d'iarracht níos mó chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an phobail ar fud na Siria ionas go gcuirfear bac ar an antoisceachas foréigneach agus ar an seicteachas agus go ndéanfar teacht aniar a chothú i muintir na háite. Ní mór go mbeadh cúnamh an Aontais chun leas an daonra sa tSiria agus go seachnófaí go rachadh aon tairbhe chuig réimeas na Siria lena ndéanfaí a rialachas áitiúil agus náisiúnta a dhlisteanú. Ní ghlacfaidh an tAontas páirt in aon iarrachtaí luath-théarnaimh/cobhsaíochta aon áit sa tSiria lena bhféadfaí tacaíocht a thabhairt don ionramháil shóisialta agus dhéimeagrafach.

13. Athdhearbhaíonn an tAontas nach mbeidh faoi réir chun cuidiú le hatógáil na Siria go dtí go mbeidh aistriú polaitiúil atá dílis, cuimsitheach, uileghabhálach agus fothaithe go maith ar siúl, arna chaibidliú ag na páirtithe Siriacha sa choinbhleacht ar bhonn Rún 2254 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ar bhonn Communiqué na Ginéive. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus comhordú á dhéanamh acu ar an bpleanáil chobhsaíochta iar-chomhaontaithe agus leanfaidh sé dá chuid oibre le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus le deontóirí eile. Iad siúd a chothaigh an choinbhleacht, ba cheart dóibh freagracht faoi leith a ghabháil orthu féin as costais na hatógála freisin.

14. Tuigeann an tAontas na héifeachtaí atá ag an gcoinbhleacht sa tSiria ar na stáit chomharsanachta, a léirigh a dtiomantas agus a dteacht aniar agus na milliúin dídeanaithe ón tSiria á n-óstáil acu le blianta beaga anuas, agus dearbhaíonn sé go bhfuil sé meáite ar thacaíocht a chur ar fáil dóibh. Is díol sásaimh don Chomhairle an méid a baineadh amach tríd an gcúnamh ón Aontas agus ó na Ballstáit chomh maith, lena n-áirítear Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais mar fhreagairt ar ghéarchéim na Siria, agus an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gComhshocruithe idir an tAontas agus an Iordáin agus idir an tAontas agus an Liobáin, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ríthábhachtacha na ndídeanaithe Siriacha agus phobail óstacha na ndídeanaithe sin sa réigiún. Tugann an tAontas dá haire nach bhfuil na dálaí maidir le haisdúichiú na ndídeanaithe, arna sainiú ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, i bhfeidhm faoi láthair. An staid atá ann sna tíortha óstacha, tá sé fós criticiúil agus tá riachtanas follasach ann leanúint de na hiarrachtaí chun cabhrú leis na tíortha sin dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le géarchéim na ndídeanaithe, lena n-áirítear maidir leis na riachtanais atá ag dídeanaithe na Palaistíne.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an dara Comhdháil sa Bhruiséil maidir le "Tacú le Todhchaí na Siria agus an Réigiúin" a bheidh ar siúl ar an 24-25 Aibreán 2018 faoi chomhchathaoirleacht an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe, chun obair leantach a dhéanamh tar éis na comhdhála sa Bhruiséil a tionóladh i mí Aibreáin 2017, na comhdhála i Londain a tionóladh i mí Feabhra 2016, na gcomhdhálacha gealltanais a tionóladh i gCuáit in 2013-15 agus na gcomhdhálacha a tionóladh i mBeirlín agus in Heilsincí in 2014 agus in 2017. Is é cuspóir uileghabhálach na Comhdhála aird an chomhphobail idirnáisiúnta a choimeád ar an gcoinbhleacht sa tSiria agus an tacaíocht do na pobail atá buailte a fheabhsú. Tá trí ghné ag baint le cuspóirí sonracha na comhdhála: Seolfar an teachtaireacht inti go bhfuil tacaíocht idirnáisiúnta, leathan, leanúnach ann do na hiarrachtaí atá ar bun agus atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe chun teacht ar réiteach polaitiúil go práinneach ar an gcoinbhleacht, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Communiqué na Ginéive; tabharfar aghaidh inti ar an staid dhaonnúil atá ag dul in olcas sa tSiria, agus athdhearbhófar inti go dtacaíonn an tAontas agus an comhphobal idirnáisiúnta go láidir i gcónaí leis na tíortha comharsanachta a bhfuil corradh le 5.6 milliún dídeanaithe ón tSiria á n-óstáil acu. Tabharfar aird ag an gComhdháil freisin ar chur chun feidhme gealltanas idirnáisiúnta a rinneadh ar mhaithe leis an tSiria agus leis an réigiún bliain ó shin ag Bruiséil I agus iarrfar inti go ndéanfar gealltanais nua airgeadais a mbeidh sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag dul i méid sa tSiria agus sa réigiún. Déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit, arb iad na deontóirí príomha iad atá ag cuidiú leis na héifeachtaí is measa atá ag an ngéarchéim sa tSiria a mhaolú, agus cúnamh ar mó ná EUR 10.6 billiún é tugtha acu ó 2011 i leith agus atá freagrach as dhá thrian den ghealltanas de EUR 5.6 billiún a rinneadh i mBruiséil I, déanfaidh siad gealltanas mór arís ag Bruiséil II, agus spreagfar an pobal idirnáisiúnta chun an t-ualach a roinnt, go háirithe trí ghealltanais bhreise a dhéanamh le plean freagartha daonnúla na Náisiún Aontaithe.